# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

---

## GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(90 marc)**

---

**DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 3.30**

---

**Ceist 1**. Léigh go cúramach an sliocht athchóirithe seo as an úrscéal **An Túr Solais** le **Ríona Nic Congáil**.
Freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis.
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*. **(15 mharc)**

# An Rún Mór

**1.** Bhí rún mór ag Áine Ní Shí ina croí istigh. Rinne sí iarracht éalú ón rún mór sin ar feadh a saoil, agus d'éirigh go maith léi go dtí gur chuir sí fúithi i mBaile Beo lena cuid páistí, Luan agus Saoirse. Áit dheas chiúin in aice na farraige ba ea Baile Beo. Níor tharla aon rud as an ngnáth ann riamh go dtí gur tháinig Áine Ní Shí ar an bhfód. Ní raibh aon dá lá mar an gcéanna i mBaile Beo as sin amach.

**2.** Ach cérbh í an bhean seo, Áine Ní Shí? Ar an gcéad dul síos sióg ba ea í. Chuir sí fúithi i mBaile Beo toisc go raibh sé in aice na farraige. Ón áit sin, bhí sí in ann a tír dhúchais, Tír na mBan, a fheiceáil. Oileán draíochta álainn is ea Tír na mBan. Níl fear ar bith ina chónaí i dTír na mBan. Is mná ar fad iad na sióga atá ann. Is mná ar fad iad na saighdiúirí, na feirmeoirí agus na draoithe.




**3.** Níor leag duine daonna cos ar Thír na mBan leis na céadta bliain ach amháin an fear a phós Áine Ní Shí. Chaith seisean a shaol ag seoltóireacht. Lá amháin, sula raibh aon aithne ag Áine air, bhí sé amuigh ar an bhfarraige le linn stoirme. Scriosadh an bád agus fágadh ar chósta Thír na mBan é. Gabhadh láithreach é. Tugadh os comhair na banríona, Mamó Dhána, é. Caitheadh isteach i dTúr an tSolais ansin é. Príosún i bpálás na banríona ba ea Túr an tSolais. Ba í Mamó Dhána máthair Áine. Bhí féith an ghrinn san fhear agus chum sé amhrán ag déanamh ceap magaidh de Mhamó Dhána. Chan sé na focail os ard: 'Nach bhfuil an bhanríon gránna. Tá sí cosúil le bó. Ach tá a iníon, Áine, go hálainn. Éalóidh mé le hÁine gan stró'.

**4**. Bhí an Bhanríon ar buile nuair a chuala sí an véarsaíocht mhagaidh seo. Níor thaitin sé léi a bheith ina ceap magaidh i measc a muintire féin. Shíl sí, ar chúis éigin, go raibh baint ag a hiníon féin, Áine, leis. Ar an ábhar sin, chaith sí Áine isteach i dTúr an tSolais in éineacht leis an bhfear. B'in an chéad uair a chonaic Áine fear. Shíl sí go raibh an fear seo dathúil. Bhí ball seirce, breicne mhór dhubh, faoina shúil aige agus thit sí i ngrá leis ar an bpointe boise. Tar éis tamaill agus mórán eachtraí, d'éalaigh an bheirt acu as Túr an tSolais agus tháinig siad go hÉirinn. Pósadh iad agus rugadh mac agus iníon dóibh.

**5.** Níor thaitin Áine Ní Shí leis na mná eile i mBaile Beo. Chuir sí faitíos orthu. Chasaidís timpeall chomh luath agus a d'fheicidís Áine ag teacht ina dtreo agus a gruaig fhada rua ag eitilt timpeall uirthi. Bhíodh na mná ag cúlchaint fúithi go rialta. 'Is cailleach í an bhean sin go cinnte,' a dúirt Bean Uí Riain lá. Bhí na mná eile ar aon intinn léi. Rinne Áine a dícheall a bheith cairdiúil leis na mná i mBaile Beo ach níor chaith siad go maith léi. Ní raibh sí cosúil leo agus b'in an fáth nár ghlac siad léi. Thuig Áine é sin go maith. Ach bhí go leor le déanamh aici agus níor bhac sí le mná Bhaile Beo, beag ná mór. Chaith sí formhór mór a cuid ama ag tabhairt aire dá beirt pháistí. Bhí Luan aon bhliain déag d'aois agus ba leanbh bídeach í Saoirse.

(*Athchóiríodh an buntéacs lena chur in oiriúint do chuspóirí na measúnachta gan é a chur i gcead an údair roimh ré.*)

## Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A (Buntuiscint)

**(i)** Tabhair **dhá** phointe eolais i dtaobh Bhaile Beo. **(Alt 1 & Alt 2)**

**(ii)** Tabhair **dhá** phointe eolais i dtaobh Mhamó Dhána. **(Alt 3 & Alt 4)**

**(iii)** Cén fáth a gcuireadh Áine Ní Shí faitíos ar na mná eile i mBaile Beo? Is leor **dhá** phointe eolais. **(Alt 5)**

### B (Léirthuiscint Ghinearálta)

**(i)** Déan cur síos gairid **i d'fhocail féin** ar fhear céile Áine Ní Shí.

**(ii)** Tabhair cuntas gairid **i d'fhocail féin** ar Thír na mBan.

**(iii)** 'Níor chaith na mná eile i mBaile Beo go maith le hÁine.' Plé an tuairim seo **i d'fhocail féin**.

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo. **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *téama* i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1**.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin *téama*.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *téama* úd agus a bhfuil faoin *téama* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de *na saghsanna áite* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil *an saghas sin áite* i gceist ann.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir*.

(a) Áit chairdiúil (b) Áit rúnda (c) Áit dúchais

(d) Áit álainn (e) Áit scanrúil (f) Áit cháiliúil

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *saghas áite* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

## ROINN II — FILÍOCHT — 30 MARC

**Ceist 3**. Léigh an dá dhán thíos: **Beatha an Scoláire le** Pilib Ó Brádaigh agus **Timpeallán na Bó Deirge** le Róise Ní Ghráda. Freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo.
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*. **(15 mharc)**

### Beatha an Scoláire

Ar an Aoine, 13 Deireadh Fómhair, 2003
bhí scoláire ollscoile ag déanamh a shlí
go dtí a árasán aonair ar Bhóthar na dTreabh.

Ní raibh ar a phearsa ar Aoine an mhí-ádha
ach an dá leabhar seo a luaimse a n-ainmneacha:
The Da Vinci Code ina lámh dheas luascach

agus Cré na Cille, lena chlúdach breá crua,
i bpóca brollaigh a sheaicéid leathair.
Chuaigh sé isteach i mbialann Shíneach,

agus d'ordaigh sé curaí le rís agus pónairí
nuair a bhuail robálaí an doras isteach
agus scaoil rois philéar leis na ballaí.

Ach scinn piléar amháin d'éadan scátháin
gur bhuail sé an scoláire sa chliabhrach,
díreach san áit a raibh Cré na Cille neadaithe.

Cad é an scanradh a bhuail an robálaí
nuair a shíl sé go raibh an scoláire maraithe
agus rug sé a chosa leis go beo as an mbialann!

Ceannteideal barrúil i gceann de na páipéir
a tharraing aird an phobail air mar scéal:
'Sábhálann leabhar crua beatha an scoláire.'

### Timpeallán na Bó Deirge

Bhí mé ag tiomáint ar an M50, gar do Thimpeallán
na Bó Deirge, nuair a thug mé carr faoi deara,
é stoptha ar an ngrua chrua, a shoilse rabhaidh
ag scaladh tríd an gceo agus bean taobh thiar de

ag fógairt lena geáitsí lámh go raibh cabhair uaithi.
Tharraing mé i leataobh. 'Ní féidir leis an timpeallán
a láimhseáil,' ar sí. Bhí seisean ina shuí sa charr, gan
húm ná hám as a bhéal, greim an fhir bháite aige ar

an roth stiúrtha, a aghaidh chúthail dearg le náire.
'Bóthar Nás na Rí atá uainn,' ar sí. Thuig mé dóibh.
Is iomaí timpeallán nár éirigh liom féin a láimhseáil.
'Leanaigí mé a chairde. Rachaimid an bealach atá

ar eolas agaibh,' a dúirt mé leo go séimh cáiréiseach.
Thógamar an bóthar ó Theach Mealóg go Tamhlacht,
uaidh sin siar ó dheas ar Bhóthar Belgard go Crosaire
an Fhearainn Nua, taobh tíre a bhí ar eolas acu.

(*Athchóiríodh an buntéacs lena chur in oiriúint do chuspóirí na measúnachta gan é a chur i gcead an údair roimh ré.*)

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A (Buntuiscint)

**(i)** Luaigh **dhá** rud i dtaobh na háite a raibh an scoláire ina chónaí ann sa dán *Beatha an Scoláire*.

**(ii)** Luaigh **dhá** chúis ar tharraing an file i leataobh ar an M50 sa dán *Timpeallán na Bó Deirge*.

**(iii)** Luaigh **dhá** rud a rinne an robálaí sa dán *Beatha an Scoláire.*

### B (Léirthuiscint Ghinearálta)

**(i)** Scríobh cuntas gairid **i d'fhocail féin** ar an scoláire sa dán *Beatha an Scoláire*.

**(ii)** Scríobh cuntas gairid **i d'fhocail féin** ar an mothúchán is láidre atá sa dán *Timpeallán na Bó Deirge*.

**(iii)** Roghnaigh íomhá **amháin** as dán **amháin** thuas agus mínigh an íomhá sin **i d'fhocail féin**.

**Ceist 4**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *téama* i gceist ann is atá i do rogha ceann **amháin** den dá dhán i g**Ceist 3**.

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin *téama* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *téama* sin os ár gcomhair.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *téama* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 3** agus a bhfuil faoin *téama* céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha ceann **amháin** de *na hábhair* seo thíos i gceist ann.

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

| | | |
|---|---|---|
| (a) Séasúr | (b) Tragóid | (c) Saol na Scoile |
| (d) Spórt | (e) Peata Tí | (f) An Teaghlach |

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an t-ábhar* sin os ár gcomhair.



**Thall** →

**Ceist 5**. Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo thíos.

## A

Bhí ceiliúradh speisialta i do scoil le déanaí. Scríobh litir chuig do chara faoin gceiliúradh.

I do litir luaigh

- an fáth a raibh an ceiliúradh i do scoil
- **dhá** phointe eolais faoin mbaint a bhí agat féin leis an gceiliúradh
- **dhá** phointe eolais eile i dtaobh an cheiliúrtha.

## B

Bhuail tú féin le duine de do laochra le déanaí. Scríobh litir chuig do chara faoin ócáid sin.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin laoch
- **dhá** phointe eolais faoi na rudaí a tharla nuair a bhuail tú leis an duine seo
- rud **amháin** a tharla a raibh díomá ort mar gheall air.

## C

Bhí scéal faoi dhéagóirí i nuachtán náisiúnta le déanaí a chuir isteach ort. Scríobh an litir a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin faoin scéal.

I do litir luaigh

- pointe eolais i dtaobh an scéil
- **dhá** thuairim dhiúltacha a bhí sa scéal faoi dhéagóirí
- **dhá** thuairim dhearfacha uait féin i dtaobh déagóirí nach raibh sa scéal.

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán